**TREOIR EOLAIS**

**PAINÉAL OIDEOIRÍ BREISOIDEACHAIS AGUS BREISOILIÚNA DO DHAOINE FÁSTA**

**Achoimre ar an Ról**

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí ag reáchtáil comórtais anois chun painéal **Oideoirí Aosach** a chruthú don tSeirbhís Litearthachta Breisoideachais agus Breisoiliúna sna príomhréimsí ábhair seo a leanas:

1. Cumarsáide
2. Taithí Oibre (Leibhéal 5)
3. Gairneoireacht (Leibhéil 2-5)
4. Teicneolaíocht Faisnéise (Leibhéil 1-5)
5. Cúram Leanaí/ Cúntóireacht do Riachtanais Speisialta (Leibhéal 5)
6. Roghanna Cothaithe agus Sláinte (Leibhéil 1-3)
7. Bácáil – Arán, Páisr agus Milseáin (Leibhéil 3-5)
8. Ceardaíocht – Súil agus Déantúsaíocht Gúnaí (Leibhéil 3-5)
9. Staidéir Shóisialta (Leibhéal 5)
10. Cúram Faoiseanta (Leibheál 5)
11. Scileanna Cúraim (Leibhéil 1-3)

Fanfaidh an painéal i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2026. Beidh na chéad phoist le Seirbhísí Litearthachta Breisoideachais agus Breisoiliúna an Longfoirt agus/nó na hIarmhí Thuaidh agus BTEI. Ní mór d'iarrthóirí an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a bheith acu chun tabhairt faoin ról agus a bheith cumasach agus inniúil ar an ról a chomhlíonadh ar chaighdeán ard.

**Iarrtar ort aird a bheith agat ar na riachtanais a leanas:**

**Riachtanach:**
- Taithí theagaisc, sa limistéar ábhair más féidir

**Inmhianaithe:**
- Tá cáilíocht aitheanta aige/aici sa réimse ábhair
- Cumas cleachtais litearthachta a chomhtháthú sa réimse ábhair
- Cumas daoine a spreagadh agus a mhotíváil agus paisean don réimse ábhair aige
- Cur chuige dírithe ar an bhfoghlaimeoir i leith na hoibre
- Scileanna cumarsáide agus éisteachta den scoth
- Cumas foghlaim bunaithe ar TF, forbairt litearthachta agus scileanna agus cuir chuige oideolaíochta eile a chomhtháthú
- Scileanna riaracháin den scoth
- Cumas tacú le forbairt phearsanta gach aon fhoghlaimeora d'fhonn na scileanna a theastaíonn chun post a fháil agus a choimeád a fhorbairt
- Taithí/Inniúil ar Oiliúint Chumaisc a sholáthar (sa seomra ranga/ar líne)

- In ann cláir a sholáthar/a éascú lena n-áireofaí ionduchtúchán, foghlaim conas foghlaim a dhéanamh ar líne, réamh/iar-mheasúnú, croí-scileanna, tacaíocht duine ar dhuine agus cláir thosaigh eile de réir mar ba ghá.
- Cumas oibriú go héifeachtach laistigh den fhoireann Litearthachta/BTEI, den fhoireann Breisoideachais agus Breisoiliúna níos leithne, d'fhoghlaimeoirí, de chomhpháirtithe seachtracha, d'fhostóirí agus de dhaoine eile de réir mar is iomchuí
- Féidir leibhéil 1-5 de mhodúil QQI  a sholáthar/ a eascú sa ábhar sonraithe thuas

**Tuarastal – €36.68 san uair**
Íocfar tuarastal i gcomhréir leis na rátaí a bheadh údaraithe ag an Aire Oideachais agus Óige ó am go ham. Féadfar an ráta íocaíochta a choigeartú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais. I gcás daoine atá ag dul i mbun fostaíochta sa ról seo den chéad uair, beidh an pá tosaigh ag an íosmhéid den scála nua agus ní dhéanfar aon phlé air sin.

**Sonraí an Róil**
Cuirfear iarratasóirí rathúla ar phainéal le haghaidh folúntas a d'fhéadfadh teacht chun cinn i Seirbhísí Litearthachta Breisoideachais agus Breisoiliúna go dtí an 31 Nollaig 2026 agus tairgfear conradh téarma seasta dóibh má thagann deiseanna chun cinn ina réimse saineolais. Tá sé seo faoi réir próiseas rathúil réamhfhostaíochta, arna riar ag BOOLI.

**Bunáit:** Is do Bhord Oideachais agus Oiliúna an Longfoirt agus na hIarmhí gach ceapachán, ach sannfar an t-iarratasóir/na hiarratasóirí rathúla i dtús báire le folúntais a d'fhéadfadh teacht aníos i Seirbhís Litearthachta an Longfoirt agus na hIarmhí Thuaidh agus seirbhísí BTEI. Mar sin féin, coimeádann BOOLI an ceart acu féin thú a shannadh d'aon suíomh eile de réir mar a éilítear é.

**Gearrliostú**
Forchoimeádann BOOLI an ceart chun iarrthóirí a ghearrliostú, ar bhealach a shíltear a bheith cuí, le dul ar aghaidh go dtí céim agallaimh an chomórtais. Is ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais a dhéanfar an gearrliostú. Mar sin, is chun do leasa féin é cuntas mionsonraithe agus cruinn a chur ar fáil ar an bhfoirm iarratais maidir le do cháilíochtaí/thaithí.
Cuirfidh an próiseas gearrliostaithe seo deis ar fáil chun foirm iarratais gach iarrthóra a mheas i gcoinne critéar réamhshocraithe a léiríonn na scileanna agus an taithí a shíltear a bheith riachtanach do ról ar an leibhéal seo.

**Agallamh**
Cuirfidh BOOLI na hiarratasóirí a gearrliostaíodh faoi agallamh ar bhonn inniúlachta agus is ar an mbonn sin a dhéanfar an roghnú. D'fhéadfadh agallamh dara céim a bheith mar chuid den phróiseas agallaimh. D'fhéadfaí agallaimh a dhéanamh via físchomhdháil. Cuirfear treoirlínte agallaimh chuig iarrthóirí a roghnaítear don agallamh.

**Riachtanas Saoránachta:**
Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara maidir le hincháilitheacht go bhfuil an comórtas le haghaidh post ar oscailt do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) nó do náisiúnaigh neamh-LEE a bhfuil cead oibre bailí acu.
Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfidh tú BOOLI a chur ar an eolas má theastaíonn cead oibre uait sula dtosaíonn tú ag obair le BOOLI. Ní mór an riachtanas seo a chur in iúl do BOOLI chomh luath agus is féidir. Is é seo a leanas atá i gceist le LEE: Ballstáit an Aontais Eorpaigh; an Íoslainn; Lichtinstéin agus an Iorua. Is féidir le saoránaigh de chuid na hEilvéise, faoi chomhaontuithe an Aontais, iarratas a dhéanamh freisin.

**Sláinte agus Carachtar:**
Beidh orthu siúd atáthar a mheas don phost foirm fhéindearbhúcháin maidir le carachtar

agus sláinte, chomh maith le Foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a líonadh isteach, de réir mar a shocraíonn an fostóir. D'fhéadfadh sé go lorgófaí teistiméireachtaí. Seans go mbeadh gá le himréiteach slándála speisialta ó roinnt post. Sa chás go mbíonn coimhlint leasa fhéideartha ann, ní dhéanfar iarrthóirí a mheas le haghaidh poist áirithe.

**Inniúlachtaí riachtanacha;**
Táthar tar éis roinnt inniúlachtaí a aithint ina n-inniúlachtaí riachtanacha chun an ról seo a fheidhmiú go héifeachtach. Liostaítear anseo thíos na hinniúlachtaí seo: Agus tú ag freagairt ar an bhfoirm iarratais, iarrtar ort a bheith meabhrach ar na nithe seo a leanas:

***Tabhair do d'aire nár cheart duit níos mó ná 300 focal a scríobh in aon cheann de na rannáin.***
**Ba cheart pointí le hurchair a úsáid seachas freagraí fada téacs leis na rannáin a chomhlánú.**

1. **Eolas Gairmiúil:**

   Ba cheart eolas agus tuiscint a bheith ag oideoirí ar bhunsmaointe, bunphrionsabail agus bunstruchtúir na ndisciplíní a mhúineann siad agus ar bhunsmaointe, bunphrionsabail agus bunstruchtúir na hEarnála Breisoideachais agus Oiliúna. Ní mór d'oideoirí straitéisí teagaisc a fhorbairt lena ndéanfaí an fheidhmíocht agus an rathúlacht a ailíniú agus iad a bheith in ann réimse d'fhealsúnachtaí i dtaobh na foghlama aosaí agus na foghlama pobalbhunaithe a léiriú agus a chur i bhfriotal.

2. **Cleachtas Gairmiúil: Eagrúchán agus Pleanáil**

   Tá gá, i dtimpeallacht na foghlama aosaí, le cumas an sceideal oibre a phleanáil go héifeachtach agus a leagan amach in ord tosaíochta. Tá an cumas riachtanais acmhainní a shainaithint chun tacú leis an seachadadh ábhair agus chun feidhm a bhaint as úsáid acmhainní d'fhonn acmhainneacht foghlama na bhfoghlaimeoirí a uasmhéadú lárnach maidir le rathúlacht aon chláir. Ní mór na scileanna riachtanacha a bheith ag oideoirí chun na cuspóirí foghlama a sholáthar in ainneoin éilimh iolracha. Ní mór an bhainistíocht sonraí maidir le foghlaimeoirí, mar shampla, taifid chlárúcháin, tinrimh, measúnaithe/gnóthachtála a riar ar bhealach éifeachtúil cruinn agus í a bheith ag teacht i rith an ama le treoirlínte agus polasaithe an BOO.

3. **Luachanna Gairmiúla agus Caidrimh**

   D'fhéadfadh sé go mbeadh ar oideoirí dul i gcomhairle agus bheith ag idirghníomhú le páirtithe leasmhara, laistigh agus lasmuigh de BOOLI, agus a chinntiú go mbíonn na hidirghníomhuithe seo gairmiúil oiriúnach cúirtéiseach i rith an ama, go fiú faoi chúinsí eisceachtúla. Ba cheart oideoirí a bheith comhbhách cothrom agus tiomanta do leas na bhfoghlaimeoirí atá faoina gcúram agus iad a bheith ag féachaint le dúthracht agus rathúlacht a spreagadh, a ghríosú agus a cheiliúradh. Ba cheart d'oideoirí aitheantas agus meas a léiriú ar uathúlacht, indibhidiúlacht agus ar riachtanais ar leith na scoláirí/foghlaimeoirí, agus a bhforbairt iomlánaíoch a chur chun cinn.

4. **Cleachtas Gairmiúil: Seomra Ranga agus Timpeallacht Foghlama**

   Tá sé éigeantach timpeallacht shábháilte foghlama a chruthú a bheadh ionchuimsitheach maidir le riachtanais gach aon fhoghlaimeora agus a bheadh fabhrach don fhoghlaim. Ní mór

d'oideoirí ionchais arda a leagan síos maidir le feidhmíocht agus iompar foghlaimeoirí. Ba cheart d'oideoirí na céimeanna réasúnacha ar fad a thógáil maidir le cúram na scoláirí/foghlaimeoirí atá faoina maoirseacht, lena leas agus a sábháilteacht a chinntiú.

5. **Forbairt Ghairmiúil: Féinfheasacht agus Forbairt:**

Ba cheart d'oideoirí tuiscint shoiléir a bheith acu ar an ról. Ba cheart iad a bheith soiléir freisin maidir le haidhmeanna agus cuspóirí na seirbhísí atá á seachadadh acu agus lena ról féin i dtaca leis na haidhmeanna agus na cuspóirí seo a bhaint amach. Ba cheart d'oideoirí freagracht phearsanta a ghlacadh as cáilíocht a gcleachtais ghairmiúil a chothú agus a fheabhsú. Ba cheart d'oideoirí a n-eolas agus a dtuiscint ghairmiúil a chothú go gníomhach maidir lena limistéar ábhair féin lena chinntiú go mbíonn siad cothrom le dáta. Ba cheart d'oideoirí a mhór a dhéanamh de dheiseanna forbartha gairmiúla agus machnamh a dhéanamh ar a gcleachtas gairmiúil ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbíonn sé éifeachtach. I gcomhthéacs an chóimheasa, ba cheart d'oideoirí a bheith oscailte agus freagrúil don aiseolas cuiditheach maidir lena gcleachtas gairmiúil agus, más gá, tacaíocht, comhairle agus treoir iomchuí a lorg.

**Iarratas agus Próiseas Roghnúcháin:**

- Tá na sonraí uile ar fáil ar www.etbvacancies.ie. Ní mór d'iarratasóirí ar mian leo cur isteach ar an bpost, iarratas a chur isteach trí www.etbvacancies.ie **tráth nach déanaí ná De hAoine, 21 Lúnasa 2026**
- Is é an dáta sealadach le haghaidh na n-agallamh ná an tseachtain dar críoch 4 Mean Fómhair 2026
- Cuirfear faisnéis chugat agus déanfar teagmháil leat maidir le do stádas laistigh den chomórtas seo trí mheán do bhosca poist etbvacancies and is faoi fhreagracht an iarrthóra é a bhosca isteach etbvacancies a sheiceáil go rialta.
- D'fhéadfaí agallaimh a dhéanamh via físchomhdháil. Cuirfear treoirlínte agallaimh chuig iarrthóirí a roghnaítear don agallamh.
- Ní mór d'iarrthóirí an treoir agus na cáipéisí tacaíochta a léamh maidir le conas iarratas a dhéanamh.
- Déanfar d'iarratas a mheas tríd an bhfaisnéis a chuireann tú isteach. Cinntigh, le do thoil, go bhfuil gach cuid comhlánaithe ina hiomláine, go cruinn, agus go bhfuil fianaise shoiléir tugtha ar cháilíochtaí, scileanna agus taithí.
- **Ní dhéanfar aon bhreithniú ar iarratais nach bhfuil comhlánaithe ina n-iomláine.**
- Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcuirfear teachtaireacht uathoibríoch chuig do chuntas Etbvacancies nuair a chuirtear iarratas isteach ar líne, le dearbhú go bhfuarthas d'iarratas. Ní dearbhú é seo gur iarratas bailí é. **Mura gcuirtear teachtaireacht dhearbhaithe chugat trí do thairseach laistigh de dhá lá tar éis duit iarratas a chur isteach AGUS roimh an spriocdháta, cuir ríomhphost chuig recruitment@lwetb.ie.**
- Tabhair faoi deara go moltar d'iarratasóirí cur isteach ar an ról seo i bhfad roimh an spriocdháta agus an sprioc-am, chun a chinntiú go bhfaightear a n-iarratas roimh an spriocdháta agus an sprioc-am. Má bhíonn deacrachtaí teicniúla ag an seoltóir agus an t-iarratas á chur isteach aige, níl BOOLI freagrach astu.
- Ba cheart do gach iarrthóir a thabhairt dá aire go bhforchoimeádann BOO an Longfoirt agus na hIarmhí an ceart iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar chritéir réamhshocraithe agus comhaontaithe.
- **Ní ghlacfar le hiarratais a cuireadh isteach i ndiaidh an spriocdháta.**
- Féadfar iarrthóir a dhícháiliú ón bpróiseas roghnúcháin má chuirtear faisnéis mhícheart ar fáil nó má cheiltear sonraí ábhartha. Má fhaightear amach i ndiaidh an cheapacháin go ndearnadh amhlaidh, féadfar an té a ceapadh a bhriseadh as an bpost ar an toirt.
- Cuirfear an t-iarrthóir as an áireamh má bhíonn sé ag canbhasáil nó má bhítear ag canbhasáil ar a shon.
- Ní mór aon cheist a bhíonn agat faoin iarratas a sheoladh chuig recruitment@lwetb.ie, ag baint úsáid as tagairt an phoist i líne ábhair an ríomhphoist. Má dhéanann tú teagmháil linn ar bhealach ar bith eile ní féidir a chinntiú go bhfaighidh tú freagra roimh an dáta deireanach ná roimh an am dúnta.
- Forchoimeádann BOOLI an ceart teagmháil a dhéanamh leis na moltóirí agus / nó leis na fostóirí ainmnithe chun teistiméireacht a lorg má éiríonn leat ag an agallamh gan aon teagmháil eile a dhéanamh leis an iarratasóir.
- Ní aisíocfaidh BOOLI costais taistil nó aon chostais eile a bhíonn ar iarrthóirí agus iad ag tabhairt faoi nó ag freastal ar aon ghné den phróiseas roghnúcháin.
- Is fostóir comhdheiseanna é BOO an Longfoirt agus na hIarmhí.
- Tá BOOLI cláraithe mar Aonad Rialaithe Sonraí. Déanfar sonraí a phróiseáil de réir Pholasaí BOO um Chosaint Sonraí, agus coinneofar sonraí de réir sceideal coinneála taifead an pholasaí sin. Tá gá leis na sonraí pearsanta a thugtar san fhoirm iarratais seo agus na cáipéisí tacaíochta i gcomhair earcaíochta (lena n-áirítear an gearrliostú agus an t-agallamh), chun measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí, riarachán ginearálta, agus chun ár ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh, lena n-áirítear toghadh na n-ionadaithe foirne chuig BOO faoin Acht um
- Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Cé go ndéileálfar leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil mar fhaisnéis rúnda do BOOLI, seans go mbeadh orainn, anois is arís, sonraí pearsanta a roinnt ar bhonn rúnda le comhlachtaí eile lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Coimirce

Sóisialaí, an Garda Síochána, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Chomhairle Mhúinteoireachta, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, comhlachtaí reachtúla eile, nó le hiarfhostóirí nó fostóirí nua. Más maith leat do shonraí pearsanta a nuashonrú nó rochtain a fháil orthu, ba cheart duit scríobh chuig an bPríomhfheidhmeannach.

**Siobhán Lynch, Príomhfheidhmeannach, BOO an Longfoirt agus na hIarmhí**